

Post oscailte

## Ceann de Cheanncheathrú Náisiúnta um Thaighde agus Cuimhneachán

Leibhéal Príomhoifigigh Chúnta, Post Lánaimseartha, Trí Bliana ar Théarma  
Seasta

—  
Láithreáin Bhaile Átha Cliath; Dún Uí Choileáin, an tIonad Náisiúnta Taighde agus  
Cuimhneacháin, Sráid Sheáin Mhic Dhiarmada

**Dáta Deiridh le haghaidh Iarratais**  
**Dé hAoine an 3 Iúil 2026**

...

**Ní mór iarratais a bheith faighte tráth nach déanaí ná 17:00. Tabhair do d'aire nach nglacfar le foirmeacha iarratais déanacha.** Cloífead leis an dáta agus an t-am go docht, agus dá bhrí sin, tá an fhreagracht ar an iarrthóir a chinntiú go bhfaighfead an t-iarratas roimh an spriocdháta.

Tá **Ard-Mhúsaem na hÉireann (AMÉ)** ag lorg iarratas ó iarrthóirí oiriúnacha chun an post mar **Ceann de Cheanncheathrú Náisiúnta um Thaighde agus Cuimhneachán** a líonadh a bheidh lonnaithe in Ard-Mhúsaem na hÉireann, Dún Uí Choileáin agus san Ionad Náisiúnta Taighde agus Cuimhneacháin. Is conradh trí bliana, lánaimseartha ar théarma seasta é seo. Beidh agallaimh oscailte iomaíocha á reáchtáil chun an post seo a líonadh.

### **Teideal an Phoist**

Ceann de Cheanncheathrú Náisiúnta um Thaighde agus Cuimhneachán - Ard-Mhúsaem na hÉireann (Príomhoifigeach Cúnta)

### **Suíomh**

Beidh an t-iarrthóir rathúil lonnaithe in Ard-Mhúsaem na hÉireann, Dún Uí Choileáin, Sráid na Binne Boirbe, Baile Átha Cliath 7, agus ag an Ionad Náisiúnta Taighde agus Cuimhneacháin ag Sráid Sheáin Mhic Dhiarmada, nó in aon láithreán eile an Mhúsaeim de réir mar a ainmneoidh an Stiúrthóir ó am go ham.

### **Ag obair faoi**

Beidh an t-iarrthóir rathúil freagrach don Stiúrthóir Bailiúchán agus Rochtana.

### **Freagrachtaí an Phoist**

#### **Cuspóir:**

Is é cuspóir an róil seo bheith i gceannas ar na gnéithe uile a bhaineann leis an Ionad Náisiúnta Taifead agus Cuimhneacháin a fhorbairt agus a thabhairt chun críche ar son Ard-Mhúsaem na hÉireann.

I mí an Mhárta 2022, d'fhaomh an Rialtas tograí maidir le hIonad Náisiúnta Taighde agus Cuimhneacháin (NCCR), a bheadh suite ar an láithreán ar a raibh an Neachtlan Mhaighdilíneach ar Shráid Sheáin Mhic Dhiarmada i mBaile Átha Cliath 1. Beidh an t-Ionad sin ina chuimhneachánú do mharthanóirí drochíde stairiúla, lena gcuirfear spás ar fáil maidir le machnamh agus cuimhneamh do mharthanóirí agus do dhaoine a ndearnadh dochar dóibh in Árais Máithreacha agus Naíonán, Scoileanna Saothair, Scoileanna Ceartúcháin, Neachtlanna Maighdilíneacha agus institiúidí gaolmhara. Tá an tIonad ina chuid d'fhorbairt il-Ghníomhaireachta agus áirítear leis saoráid chartlainne (arna hoibriú ag Cartlan Náisiúnta na hÉireann) agus músaem agus spás taispeántais (arna n-oibriú ag Ard-Mhúsaem na hÉireann) mar aon le soláthar Oideachais agus Tithíochta Sóisialta.

Tá Ceannasaí an Ionaid Náisiúnta Cuimhneacháin agus Taifead, Ard-Mhúsaem na hÉireann, freagrach as obair a dhéanamh i gcomhpháirt le hOifig na nOibreacha Poiblí agus leis an bhFoireann Dearaidh Chomhtháite atá ceaptha aici atá freagrach as an tionscadal Tógála.

Tá an ról freagrach as bheith i gceannas ar shainchúram an Ard-Mhúsaeim chun gnéithe feistithe an taispeántais agus an mhúsaeim a chur i gcrích agus as freagracht a ghlacadh as oibriú amach anseo láithreán an Mhúsaeim nua freisin.

Is príomhghné an róil chun a chinntiú go bhforbraítear na struchtúir riachtanacha agus socruithe rialachais uile a theastaíonn chun tacú leis an Ard-Mhúsaem agus obair á déanamh i gcomhar le

marthanóirí agus le daoine a ndearnadh dochar dóibh maidir le gnéithe le cur san áireamh in ábhar agus i leagan amach an taispeántais.

Cé go mbeidh an sealbhóir poist freagrach as forbairt fhoriomlán agus as cur i gcrích an tionscadail, oibreoidh sé/sí i gcomhpháirt leis an gcoiste bainistíochta agus leis an bhfoireann bainistíochta sinsearaí, agus é/í ag tuairisciú don Stiúrthóir Bailiúchán agus Rochtana chun a chinntiú go ndéanfar an tlonad nua seo a chomhtháthú agus a chur ar aon dul le fíis straitéiseach agus le Pleananna Gnó an Ard-Mhúsaeim de réir mar is cuí.

### **Dualgais agus Freagrachtaí**

#### **Forbhreathnú:**

- An tionscadal NCCR a threorú, a fhorbairt agus a chur i gcrích ón tionscnamh go dtí an cur i gcrích /suiteáil dheiridh agus go dtí an measúnú ar ghnéithe aonair tar éis dó a bheith críochnaithe.
- Freagracht a ghlacadh as bainistíocht líne laethúil ar fhoireann shainiúil atá ailínithe le tionscadal NCCR agus tograí a fhorbairt le haghaidh foireann bainistíochta tionscadail a bhunú.
- Dul i mbun plé le Ceannasaí Acmhainní Daonna agus tacaíocht a aimsiú ó shaineolaithe maidir le tionchair mhothúchána oibre den chineál seo.
- Córas cumarsáide rialta a fhorbairt laistigh den Ard-Mhúsaem lena n-áirítear an fhoireann bainistíochta sinsearaí, an coiste bainistíochta, cinn ranna, agus an fhoireann i rannáin agus in aonaid chorparáideacha chun ionchur agus rannchuidiú ábhartha a éascú.
- Obair a dhéanamh i gcomhpháirt le comhpháirtithe seachtracha riachtanacha maidir le forbairt níos leithne Shráid Sheáin Mhic Dhiarmada agus leasanna an Ard-Mhúsaeim a ionadú ag cruinnithe/grúpaí oibre idirghníomhaireachta.
- Dul i mbun plé go dlúth le bainisteoirí sinsearaigh an Ard-Mhúsaeim agus le feidhmeanna gnóthaí corparáideacha/rialachais eagraíochta roimh rannpháirteachas le páirtithe leasmhara i ranna rialtais seachtracha/Oifig na nOibreacha poiblí etc.

#### **Forbairt Chaipitiúil/Bainistíocht Tionscadail**

- Amlíne mholta a fhorbairt don tionscadal, le Príomhtháscairí Feidhmíochta (PTFanna), a bheidh le comhaontú leis an Stiúrthóir.
- Maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas pleanála chun a chinntiú go bhfaightear an t-ionchur riachtanach ag an am cuí ó fhoireann an Mhúsaeim, ó dhaoine aonair agus ó ghrúpaí lasmuigh den phríomhfhoireann.
- Chun a chinntiú go gcuirtear an tionscadal i gcrích laistigh den bhuiséad agus de réir an sceidil mar atá leagtha síos ag lucht bainistíochta an mhúsaeim.
- Mar bhainisteoir an tionscadail, chun a ghníomhú mar shealbhóir an bhuiséid agus obair a dhéanamh i gcomhar le rannóga Airgeadais agus Soláthair an Ard-Mhúsaeim d'fhonn

maoirseacht ar bhuiséad a chur ar fáil don lucht bainistíochta sinsearaí ar bhonn míosúil, nó ar iarratas.

- I gcomhar le Rannóg Eastát an Ard-Mhúsaem agus le hOifig na nOibreacha Poiblí, na costais cothabhála fadtéarmaí agus riachtanais an taispeántais arna shuiteáil a shainaitheint, agus sceidil na cothabhála molta á chur i gcrích ina leith sin.
- Chun a chinntiú go ndéantar róchaiteachas buiséid ar bith lena bhfuiltear ag súil nó atá ar eolas a thuairisciú ar bhealach tráthúil don Stiúrthóir.
- Clár Rioscaí an tionscadail a bhainistiú agus a choimeád, ag oibriú go dlúth le Ceannasaí Gnóthaí Corparáideacha an Ard-Mhúsaem agus ag tuairisciú don Bhord.
- Chun a chinntiú go bhfuil foireann an tionscadail ar an eolas maidir le hoibleagáidí sláinte agus sábháilteachta uile, agus go gcomhlíontar iad sin, agus go bpléitear le cúrsaí sláinte agus sábháilteachta uile mar thosaíocht.
- Cúnamh a thabhairt le hiarratais ghnó nua, nuair is gá.
- Obair a dhéanamh i gcomhpháirt le foireann Bainistíochta Sinsearaí an Ard-Mhúsaem maidir le seirbhísí uile a chonrú a theastaíonn chun spás a líonadh ar fhoireann an tionscadail nó chun an fhoireann a mhéadú.
- Gnéithe uile na straitéise soláthair don tionscadal a fhorbairt, agus ansin bainistíocht a dhéanamh orthu, lena n-áirítear pacáistí tairisceana a dhréachtú, i gcomhar le Foireann Airgeadais agus Soláthair an Ard-Mhúsaem.
- Caidrimh a bhainistiú idir an Ard-Mhúsaem agus dearthóirí, sainchomhairleoirí eile, conraitheoirí agus foireann an chliant a bhfuil baint aici leis an tionscadal, lena n-áirítear pacáistí oibre éagsúla agus difriúla a chomhordú.
- Chun a chinntiú go mbíonn inrochtaineacht uilíoch agus inbhuanaitheacht chun tosaigh maidir le tionscadail ghaolmhara uile, ag cinntiú go gcomhlíonann an tArd-Mhúsaem cuspóirí Threochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide de chuid an Ard-Mhúsaem agus Shainordú an Rialtais um Ghníomhú ar son na hAeráide.
- Tionscnaimh a bhaineann le fuinneamh in-athnuaite, uisce agus dramhaíl a thacú, a chur chun cinn agus páirt ghníomhach a ghlacadh iontu d'fhonn seirbhís níos inbhuanaithe, ísealcharbóin agus éifeachtúil a chruthú.

### **Na dálaí a chruthú le haghaidh Nuála, Cruthaitheachta, Taighde agus Cleachtais Nua sa Mhúsaemeolaíocht**

- Chun struchtúir agus tacaíochtaí riachtanacha a chinntiú don Ard-Mhúsaem agus an NCCR á chruthú mar ionad oideachais, taighde, idirghníomhaithe agus caomhnaithe ar mhaithe le leas an phobail, do mharthanóirí drochíde stairiúla, do mharthanóirí agus do dhaoine a ndearnadh dochar dóibh de chuid na nÁras Máithreacha agus Naíonán, Scoileanna Saothair, Scoileanna Ceartúcháin, na Neachtlan Maighdilíneach agus institiúidí gaolmhara.
- Deiseanna a chruthú le haghaidh ionchuir éagsúla ó raon iomlán an tsaineolais, na taithí agus na spéise atá ann cheana laistigh den Ard-Mhúsaem.
- Comhoibriú a shainaitheint agus a chur ar bun le saineolaithe seachtracha ar Oileán na hÉireann agus go hidirnáisiúnta.

- Páirt a ghlacadh i dtaighde agus i staidéir, agus iad a chur i bhfeidhm, maidir le samhlacha agus cleachtais atá á bhforbairt.
- Modheolaíocht um fhoghlaim ghníomhaíochta a fhorbairt lena gcuimsítear pobail chleachtais éagsúla agus taighde agus foghlaim leanúnach.

#### **Forbairt Taispeántas agus Pleanáil Oibríochtaí:**

- Obair a dhéanamh leis an bhfoireann choimeádaíochta, le painéal um thaithí saoil de mharthanóirí agus de dhaoine a ndearnadh dochar dóibh, chun conarthaí deartha taispeántas uile a fhorbairt a theastaíonn ón bpróiseas soláthair taispeántas eagraithe, lena n-áirítear riachtanais chlosamhairc agus gnéithe ar líne agus tar éis críochnaithe.
- Obair a dhéanamh taobh leis an Stiúrthóir Bailiúchán, leis an bhfoireann tionscadail agus leis an Abhcóide Speisialta, chun a chinntiú go ndéantar tascanna agus ionchur ó ghrúpaí saineolaithe agus ó ghrúpaí marthanóirí a chomhordú.
- Obair a dhéanamh le Ceannasaí Eastát an Ard-Mhúsaeim chun riachtanais oibríochtúla uile láithreán an Ard-Mhúsaeim ag an NCCR a phleanáil agus scóip a mheas ina leith agus tagairt ar leith a déanamh do shlándáil, do shaoráidí agus do chothabháil.
- Obair a dhéanamh le Ceannasaí Córas Digiteach agus Faisnéise an Ard-Mhúsaeim chun scóip a mheas agus pleanáil a dhéanamh le haghaidh trealamh agus réitigh líonra uile a bhaineann le TFC agus AV (closamharc) a shuiteáil.
- Obair a dhéanamh i gcomhar le maoirseoirí eile an Mhúsaeim, chun ionchur agus am fhoireann an Ard-Mhúsaeim a chomhaontú a theastaíonn chun tascanna a bhaineann leis an NCCR a chur i gcrích.

#### **Rialachas, Comhlíontacht Reachtuil agus Acmhainneacht Chórasach san Áit Oibre:**

- Chun dearadh agus chur i bhfeidhm chórais agus phróisis na heagraíochta atá trámathreoraithe a threorú lena gcomhlíontar na hoibleagáidí reachtúla agus eiticiúla i leith fhoireann Ard-Mhúsaem na hÉireann agus daoine eile a bhfuil baint acu le hobair an Ionaid Náisiúnta Taifead agus Cuimhneacháin.
- Obair a dhéanamh mar chuid d'fhoirne tionscadal inmheánach agus seachtrach níos leithne agus le grúpaí oibre chun tacaíocht agus ceannaireacht straitéiseach a chur ar fáil maidir le córais oibre atá sábháilte go síceasóisialta a dhearadh, a rialú, agus a chur ar fáil, ag díriú ar idirghabhálacha dea-chleachtais a dhearadh agus a sholáthar agus orthu siúd a chomhtháthú le rialachas, le sláinte agus sábháilteacht agus le folláine na foirne atá i bhfeidhm faoi láthair.
- I gcomhar le lucht bainistíochta AMÉ, le hAcmhainní Daonna agus le saineolas speisialaithe arna sholáthar, freagracht a ghlacadh as a chinntiú go gcomhlíonann an eagraíocht a dualgas cúraim maidir le fostaithe atá neamhchosanta ar thráma ceirde, trí chleachtas tráma fianaise-bhunaithe, bainistíocht riosca shíceasóisialta, prionsabail um fhorbairt eagraíochta, agus reachtaíocht ábhartha maidir le sláinte agus sábháilteacht agus fostaíocht a chomhtháthú.

- Agus obair á déanamh i gcomhpháirt le príomhpháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha, tá an sealbhóir poist freagrach as forbairt a threorú ar chuir chuige chórasacha choisctheacha maidir le hacmhainneacht an fhórsa saothair lena dtugtar faoi fhachtóirí riosca na heagraíochta, faoi dhearadh oibre, agus faoi neamhchosaint ar thráma mar aon le hidirghabhálacha ar leibhéal an duine aonair.
- Chun a chinntiú go bhfuil gnéithe uile sholáthar an tionscadail ar aon dul le ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú de chuid an Rialtais agus taifid mhionsonraithe a choinneáil agus tuairisciú a dhéanamh ina leith sin.
- Obair a dhéanamh i ndlúthchomhar le Ceannasaí Margaíochta agus Cumarsáide an Ard-Mhúsaem, le foireann Gnóthaí Poiblí an Ard-Mhúsaem agus le hOifig an Stiúrthóra maidir le cumarsáidí straitéiseacha uile a bhaineann le tionscadal NCCR.

### **Sonraíocht phearsanta:**

### **Bunriachtanais**

Ní mór don iarrthóir rathúil fianaise don mhéid seo a leanas a thaispeáint:

- Cáilíocht tríú leibhéal i ndisciplín nó in ábhar ábhartha **agus** taithí ábhartha shásúil cúig bliana ar a laghad ar cheannaireacht i mbainistíocht tionscadal.
- Eolas maith oibre ar bhogearraí PM (bainistíocht tionscadail).
- Scileanna bainistíochta cruthaithe - lena n-áirítear bainistíocht daoine, scileanna idirphearsanta agus cumarsáide, oibriú mar fhoireann agus comhoibriú.
- Taithí roimhe seo ar sholáthar rathúil seirbhíse agus ar ghnóthachtálacha i dtimpeallacht(aí) oibre ar a bhfuil tionchar ag tráma.
- Eolas ar reachtaíocht Sláinte agus Sábháilteachta de réir mar a bhaineann sí le riosca síceasóisialta san áit oibre.
- Tiomantas a léiriú d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach agus an cumas tacaíochtaí maoirseachta/speisialtachta a úsáid go héifeachtach.
- Tuiscint a léiriú ar athrú ar chleachtas a chur i bhfeidhm agus cuir chuige thar a bheith comhoibritheach agus rannpháirtíoch á n-úsáid.
- Taithí ar bhainistíocht airgeadais agus ar phleananna gnó a bheartú/a chur i bhfeidhm.
- Taithí roimhe seo ar obair a dhéanamh i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara iomadúla agus ar ionadaíocht rathúil a dhéanamh do leasanna agus do chuspóirí na heagraíochta.
- Éirim mhothúcháinach agus acmhainneacht phearsanta ar a s(h)on féin agus ar son bhail na foirne.
- Taithí ar phrionsabail, ar chórais agus ar chaighdeáin bhainistíochta sábháilteachta.
- Beartais agus nósanna imeachta slándála a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.
- Caidrimh a fhorbairt agus fadhbanna a réiteach.

- Cláir chothabhála agus oibre caipitiúla a bhainistiú.
- Bainistíocht ar sholáthar agus ar chonarthaí, go háirithe san earnáil phoiblí.
- Inniúlacht ar TFC.
- Tuiscint chuimsitheach ar an idirghníomhú idir an rannóg Bailiúchán Músaeim agus an rannóg Oibríochtaí.

**Riachtanais Inmhianaithe (ach neamhriachtanacha):**

D'fhéadfadh an t-iarrthóir rathúil fianaise don mhéid seo a leanas a thaispeáint:

- Doimhneacht agus leithead na taithí a léiriú ar thionchair an tráma san áit oibre de réir mar a bhaineann sé le neamhchosaint sna daonraí atá cumhdaithe ag raon feidhme na hoibre.
- Tuiscint mhaith ar chuspóir agus ar spriocanna an NCCR agus ar thuarascálacha ábhartha uile a foilsíodh.
- Scileanna eagrúcháin agus anailíseacha agus an-mhionchruinneas.
- Cur chuige atá solúbtha, bunaithe ar réitigh agus acmhainneach.
- Taithí ar oibriú sna hearnálacha a bhaineann le pobal agus abhcóideacht, músaeim, gailearaithe, oidhreacht nó cultúr.
- Taithí ar inbhuanaitheacht agus ar ghníomhú ar son na haeráide.
- Taithí ar réada músaeim a láimhseáil.
- Eolas ar chórais bhainistíochta bailiúchán músaeim.

### Próiseas Roghnúcháin

Sa chás go bhfaightear líon iarratas a sháraíonn go mór an líon is gá chun na folúntais atá ann cheana agus a mheastar a bheidh ann amach anseo a líonadh thar shaolré an phainéil, féadfaidh Ard-Mhúsaem na hÉireann próiseas gearrliostaithe a chur i bhfeidhm chun líon iarrthóirí a roghnú a dtabharfar cuireadh chun agallaimh dóibh ar bhunús na faisnéise atá ina n-iarratais. Ní hionann sin is a rá go bhfuil iarrthóirí eile mí-oiriúnach nó nach mbeadh sé ar a gcumas an post a chomhlíonadh, ach go bhfuil roinnt iarrthóirí ann ar bhonn an eolais a cuireadh ar fáil, cáilithe níos fearr, agus/nó a bhfuil níos mó taithí ábhartha acu.

Ní aisíocann Ard-Mhúsaem na hÉireann costas taistil chuig agallamh.

### Riachtanais Saoránachta

Ní mór d'iarrthóirí incháilithe a bheith ina:

- (a) Saoránach den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch. Tá LEE comhdhéanta de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; nó
- (b) Ina saoránaigh den Eilvéis de bhun an chomhaontaithe idir AE agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine; nó
- (c) Ina saoránaigh nach saoránaigh LEE iad ach ar céile nó leanbh de chuid saoránach LEE nó na hEilvéise iad agus a bhfuil víosa stampa 4 acu: nó
- (d) Duine ar ar dámhadh cosaint idirnáisiúnta faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015 nó aon bhall teaghlaigh atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh agus a bhfuil víosa stampa 4 aige nó aici; nó
- (e) Duine nach saoránach LEE é/í ar tuismitheoir linbh chleithiúnaigh é/í atá ina shaoránach LEE, agus a chónaíonn i mballstát LEE nó san Eilvéis agus a bhfuil víosa stampa 4 aige nó aici.

Chun bheith incháilithe ní mór d'iarrthóirí ceann de na critéir shaoránachta thuasluaite a chomhlíonadh faoin dáta a ndéantar aon tairiscint poist.

***Nóta maidir le saoránaigh RA:*** Deimhníodh sa chaibidlíocht faoin mBreatimeacht idir AE agus RA a tugadh chun críche le déanaí nach bhfuil aon athrú ar an gComhaontú um Chomhlíonadh Taistil a bhí ann le fada idir RA agus Éire tar éis an Bhreatimeachta. Dá réir sin, tá saoránaigh RA fós i dteideal oibriú agus cónaí in Éirinn gan srian agus, dá bhrí sin, tá siad i dteideal iarratas a dhéanamh chun dul san iomaíocht sa chomórtas seo má chomhlíonann siad na critéir cháilitheachta eile go léir. Tá tuilleadh faisnéise maidir leis an gComhlíonadh Taistil ar fáil [anseo](#).

### Scéim Dreasaíthe um Luathscor (ISER):

Tá sé mar choinníoll den Scéim Dreasaíthe um Luathscor (ISER) mar atá leagtha amach i gCiorclán 12/09 na Roinne Airgeadais go bhfuil cosc ar dhaoine atá ar scor, faoin Scéim, iarratas a dhéanamh ar phost eile san fhostaíocht chéanna nó san earnáil chéanna. Mar sin, ní fhéadfaidh a leithéid de dhaoine a chuaigh ar scor cur isteach ar an bpost seo.

### Ciorclán na Roinne Sláinte agus Leanáí (7/2010):

Thug Ciorclán na Roinne Sláinte 7/2010 dar dáta an 1 Samhain 2010 isteach Scéim Spriocdhírthe um Luathscor Deonach (VER) agus Scéimeanna Iomarcaíochta Deonáí (VRS). Is coinníoll den scéim VER é nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an scéim i dteideal a bheith athfhostaithe san earnáil sláinte poiblí nó sa tSeirbhís Phoiblí níos leithne nó i gcomhlacht atá maoinithe go hiomlán nó go príomha ó chistí poiblí. Tá feidhm ag an toirmeasc céanna ar athfhostú faoin VRS,

ach amháin go bhfuil an toirmeasc ar feadh tréimhse 7 mbliana i gceist, agus ina dhiaidh sin beidh gá le ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a fháil d'aon athfhostú. Níl daoine a bhain leas as ceachtar den dá scéim sin i dteideal dul san iomaíocht sa chomórtas seo.

Comhaontú Comhchoiteann: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí:

Thug litir na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe dar dáta an 28 Meitheamh 2012 chuig Oifig Pearsanra isteach, le héifeacht ón 1 Meitheamh 2012, Comhaontú Comhchoiteann ar thángthas air idir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Coiste Seirbhísí Poiblí Chomhdháil na gCeadchumann (ICTU) maidir le hÍocaíochtaí Iomarcaíochta ex-gratia le Seirbhísigh Phoiblí go mbeidh sé mar choinníoll den Chomhaontú Comhchoiteann nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an gcomhaontú sin incháilithe lena n-athfhostú sa tseirbhís phoiblí ag aon chomhlacht seirbhíse poiblí (mar atá sainmhínithe sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009 – 2011) ar feadh tréimhse 2 bhliana ó fhoirceannadh na fostaíochta. Ina dhiaidh sin beidh toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag teastáil roimh aon athfhostú. Beidh ar dhaoine a bhain leas as an scéim sin agus a d'fhéadfadh an rath a bheith orthu sa chomórtas seo a n-incháilitheacht a chruthú (deireadh na tréimhse neamh-incháilitheachta) agus ní mór toiliú an Aire a fháil sula bhfostaítear iad in aon chomhlacht seirbhíse poiblí.

Dearbhú: Ceanglófar ar iarrthóirí a dhearbhú ar bhain siad leas as scéim dreasachta luathscoir na seirbhíse poiblí roimhe sin nó nár bhain. Ceanglófar ar iarrthóirí freisin aon teidlíochtaí atá acu i leith sochar pinsin seirbhíse poiblí (in íocaíocht nó caomhnaithe) ó aon fhostaíocht seirbhíse poiblí eile a dhearbhú agus/nó i gcás ina bhfuil íocaíocht in ionad faighte acu i leith seirbhíse in aon fhostaíocht sa tseirbhís phoiblí.

## TREORACHA AN IARRATAIS

Cuirtear iarratais isteach ar an rannán folúntas de **shuíomh gréasáin Ard-Mhúsaem na hÉireann**: <https://www.museum.ie/en-IE/About/Careers/Vacancies>

Is gá d'iarrthóirí an fhoirm iarratais chomhlánaithe, CV cothrom le dáta, agus litir chumhdaigh a chur isteach. **[Iarraimid ar iarrthóirí go gcuirtear na trí cháipéis ar fad le chéile agus iad a chur isteach ar PDF aonair amháin.](#)**

Ní mór an fhoirm iarratais a líonadh isteach go hiomlán agus í a chur isteach i gclóscríbhinn. Ní ghlacfar le hiarratais lámhscríofa agus iarratais atá san fhormáid mhícheart. Mura ndéanann tú amhlaidh, beidh an t-iarratas neamhiomlán, agus ní bhreithneofar é.

Chun tús a chur leis an bpróiseas iarratais, tabhair cuairt ar ár leathanach Folúntais.

### Céimeanna le leanúint chun iarratas a dhéanamh:

- Téigh go dtí an leathanach Folúntais agus roghnaigh an post atá tú ag iarraidh cur isteach air.
- Léigh an Leabhrán Eolais le haghaidh sonraí iomlána maidir leis an bpost.
- Tá na cáipéisí atá ag teastáil le haghaidh d'iarratais le feiceáil ar an leathanach sin mar naisc.
- Cliceáil gach cáipéis, agus osclóidh sé i bhfuinneog nua. Déan gach cáipéis a íoslódáil/shábháil ar do ríomhaire/ghléas.
- Líon amach na cáipéisí atá ag teastáil agus cuir le chéile iad i **PDF aonair amháin** mar aon le do CV agus litir chumhdaigh.
- Nuair atá sé sin críochnaithe, téigh ar ais go dtí suíomh gréasáin an Ard-Mhúsaem chun an próiseas iarratais a chur i gcrích.
- Arís, ón leathanach [Folúntais](#), aimsigh an post atá tú ag iarraidh cur isteach air.
- Cliceáil an cnaipe **Cuir Isteach Air Anois**.
- Cuir an fhoirm i gcrích.
- Déan do PDF comhcheangailte aonair a uaslódáil.
- Déan an tseiceáil Captcha a chríochnú agus cliceáil **Cuir Isteach d'Iarratas**.

Cuir **seoladh ríomhphoist bailí a dhéantar monatóireacht air** ar fáil. Úsáidfean an ríomhphost mar admháil ar d'iarratas agus mar phríomhbhealach teagmhála chun teagmháil a dhéanamh le hiarrthóirí.

### Spríocdháta le haghaidh Iarratas

**Ní mór iarratais a fháil tráth nach déanaí ná 17:00  
Dé hAoine 3 Iúil 2026**

**Tabhair faoi deara nach nglacfar le hiarratais dhéanacha.** Cloífean leis an dáta agus an t-am go docht, agus dá bhrí sin, tá an fhreagracht ar an iarrthóir a chinntiú go bhfaighfean an t-iarratas roimh an spríocdháta. **Beidh dícháiliú iarrthóirí mar thoradh ar chanbhasáil.**

### Coinníollacha seirbhíse Oifigigh Príomhaigh Cúnta

**Pá:**

Seo a leanas an scála tuarastail don phost seo: Príomhoifigeach Cúnta Scála RPP (Comhaontú Seirbhíse Poiblí 2024-2026 – (01 Meitheamh 2026) – Méadú 1%

|          |          |          |          |          |                   |                    |                 |
|----------|----------|----------|----------|----------|-------------------|--------------------|-----------------|
| €83,113  | €86,173  | €89,277  | €92,390  | €95,499  | €97,292           | €100,427           | €103,576        |
| <b>1</b> | <b>2</b> | <b>3</b> | <b>4</b> | <b>5</b> | <b>6<br/>NMAX</b> | <b>7<br/>LS11*</b> | <b>8 LS12**</b> |

Faoi réir feidhmíocht shásúil, d'fhéadfadh sé go mbeadh incrimintí iníoctha de réir Bheartas reatha an Rialtais.

\* Tar éis 3 bliana de sheirbhís shásúil ar phá uasta

\*\*Tar éis 6 bliana de sheirbhís shásúil ar phá uasta

#### **Tuarastal Tosaigh**

Beidh iontráil ag leibhéal íosta an scála - **€83,113** in aghaidh na bliana, an 1<sup>ú</sup> phointe ar Ghrád Scála RPP do Phríomhoifigeach Cúnta (Comhaontú Seirbhíse Poiblí 2024-2026 – (01 Meitheamh 2026) – Méadú 1%. Féadfar an ráta luach saothair a choigeartú ó am go chéile de réir bheartas pá an Rialtais.

#### **Fad na Fostaíochta**

Ceapachán promhaidh a bheidh ann ar feadh bliana. Faoi réir ag comhlíonadh rathúil na tréimhse promhaidh, déanfar conradh de thréimhse dhá bhliain a thairiscint. Féadfaidh ceachtar taobh an ceapachán a fhoirceannadh tráth ar bith de réir na nAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 agus 1991.

#### **Saoire bhliantúil**

Beidh **30** lá oibre ann mar shaoire bhliantúil sa bhliain. Tá an tsaoire seo bunaithe ar sheachtain cúig lá agus ní áirítear léi na gnáth-laethanta saoire poiblí.

#### **Uaireanta Tinrimh**

Socrófar uaireanta tinrimh ó am go chéile de réir comhaontuithe lárnaacha ach ní bheidh siad níos lú ná 43.25 uair an chloig comhlán in aghaidh na seachtaine (35 ghlanuair an chloig in aghaidh na seachtaine). Tá uaireanta solúbtha oibre i gceist a thagann le beartas Ard-Mhúsaem na hÉireann maidir le huaireanta solúbtha oibre.

Aontóidh tú chun comhoibriú d'fhonn cuidiú leis an Ard-Mhúsaem taifid chruinne a choinneáil ar do chuid uaireanta oibre chun críocha *Alt 25 d'Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997*.

#### **Dualgais**

Beidh ort aon dualgais a d'fhéadfaí a shannadh duit ó am go ham a chomhlíonadh de réir mar is cuí don phost. Beidh an post ina phost lánaimseartha agus ní bheidh baint agat le haon ghnó seachtrach a chuirfeadh isteach ar chomhlíonadh dualgas oifigiúil. Aontaíonn tú chun tabhairt

faoi na dualgais a ghabhann leis an bpost agus chun glacadh leis na coinníollacha faoina gcomhlíontar na dualgais, nó faoina bhféadfadh sé a bheith riachtanach iad a chomhlíonadh.

### Ginearálta

Tá an ceapachán faoi réir Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse, 1956 go 1996, an tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004 agus aon Acht eile atá i bhfeidhm faoi láthair a bhaineann leis an státseirbhís. Beidh an té a cheapfar faoi réir bheartais an Ard-Mhúsaem maidir leis an gCód Caighdeán agus lompair.

### Aoisliúntas agus Scor

Déanfar na téarmaí agus coinníollacha aoisliúntais cuí mar atá in Ard-Mhúsaem na hÉireann a thairiscint don iarrthóir rathúil nuair a thairgfear an ceapachán. Go ginearálta, agus seachas i gcás iarrthóirí a d'oibrigh i bpost seirbhíse poiblí inphinsin (nár bhain téarmaí na scéime aonair leis) sna 26 seachtainí roimh an gceapachán (féach alt d thíos), ciallaíonn sé sin go ndéanfar ceapachán a thairiscint dóibh bunaithe ar bhallaíocht den Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí (“An Scéim Aonair”). Is iad seo a leanas na príomhfhorálacha a bhaineann le ballraíocht na Scéime Aonair:

#### a. Aois Inphinsin

Is í an aois íosta dá bhfuil pinsean iníoctha ná 66 (ag éirí go 67 agus 68) ag teacht le hathruithe ar aois an Phinsin Stáit.

#### b. Aois Scoir:

Ní mór do chomhaltaí na scéime dul ar scor nuair a bheidh siad 70 bliain d’aois.

#### c. Laghdú Pinsin

- Más rud é go raibh an té a cheapfar fostaithe sa Státseirbhís roimhe seo agus go bhfuil sé/sí ag fáil pinsin ón Státseirbhís beidh feidhm ag gnáthrialacha faoi laghduithe. Mar sin féin, má bhí an té a cheapfar fostaithe sa Státseirbhís roimhe sin agus más rud é gur bronnadh pinsean air/uirthi faoi shocruithe luathscoir deonacha (seachas faoin Scéim Dreasachta Luathscoir (ISER) nó Ciorclán na Roinne Sláinte 7/2010 VER/VRS, a fhágann, mar a léirítear thuas, nach bhfuil duine incháilithe don chomórtas) cuirfear deireadh leis an teidlíocht don pinsean sin le héifeacht ó dháta an athcheaptha. Déanfar socruithe speisialta, áfach, chun seirbhís roimhe sin a thug an té a cheapfar a ríomh chun críche aon dámhachtain aoisliúntais amach anseo a bhféadfadh an té a cheapfar a bheith incháilithe ina leith.
- Má bhí an té a cheapfar fostaithe roimhe seo sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí tabhair faoi deara go bhfuil foráil san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012 lena leathnaítear laghdú pinsin do gach Státseirbhíseach agus Seirbhíseach Poiblí atá athfhostaithe sa chás go bhfuil pinsean Seirbhíse Poiblí á íoc. Tháinig an fhoráil seo chun laghdú a chur i bhfeidhm ar fud na seirbhíse poiblí níos leithne i bhfeidhm an 1 Samhain 2012. **D’fhéadfadh impleachtaí pinsin a bheith aige seo d’aon duine a cheapfar sa phost seo atá ag fáil pinsean Státseirbhíse nó Seirbhíse Poiblí faoi láthair nó a bhfuil pinsean iarchurtha Sibhialta nó Seirbhíse Poiblí acu a bheidh iníoctha le linn a bhfostaíocht sa phost seo.**

- **Ciorclán 102/2007 de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna faoin Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí**

Thug an Roinn Oideachais agus Scileanna isteach Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí. Is coinníoll den Scéim Luathscoir é, seachas na cásanna atá leagtha amach in Alt 10.2 agus in Alt 10.3 de cháipéisíocht ábhartha an chiorcláin, agus leis na heisceachtaí sin amháin, má ghlacann múinteoir le luathscor faoi **Shnáitheanna 1, 2 nó 3** den scéim seo agus go bhfuil sé/sí fostaithe ina dhiaidh sin in aon cháil in aon chuid den earnáil phoiblí, **scorfar láithreach** d'íocaíocht pinsin leis an duine sin faoin scéim. Atosófar íocaíochtaí pinsin, áfach, ar scor den fhostaíocht sin nó ar 60ú breithlá an duine sin, cibé acu is déanaí, ach ar atosú, beidh an pinsean bunaithe ar sheirbhís ináirithe iarbhír an duine mar mhúinteoir (is é sin, ní chuirfear na blianta breise a tugadh roimhe sin san áireamh agus íocaíocht an phinsin á ríomh).

- **Dul ar Scor de thoradh Drochshláinte.** Tabhair do d'aire sa chás go bhfuil duine scortha ó chomhlacht Státseirbhíse/Seirbhíse Poiblí ar fhorais drochshláinte go bhféadfadh a p(h)insean ón bhfostaíocht sin a bheith faoi réir athbhreithnithe de réir na rialacha um scor de bharr drochshláinte laistigh de scéim pinsin na fostaíochta sin.

#### **d. Seirbhísigh Phoiblí Roimhe Seo**

Cé gurb é ballraíocht sa Scéim Aonair atá sna téarmaí réamhshocraithe pinsin atá leagtha amach sna hait roimhe seo, b'fhéidir nach mbeidh sé seo i gceist i gcás daoine áirithe a cheapfar. Tugtar sonraí iomlána na gcoinníollacha a rialaíonn cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil seirbhíseach poiblí ina bhall den Scéim Aonair san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha eile), 2012. Mar sin féin is í an phríomheisceacht (i gcomhthéacs an chomórtais seo agus go ginearálta) ná maidir le **hiarrthóir rathúil a d'oibrigh i gcáil inphinsin (nach raibh faoi théarmaí na scéime aonair) sa tseirbhís poiblí laistigh de 26 seachtain ón am ar ghlac an t-iarrthóir leis an gceapachán, nach mbeadh an té sin ina bhall den Scéim Aonair de ghnáth.** Sa chás sin thairgfí ballraíocht sa scéim pinsin do státseirbhísigh neamhbhunaithe ("Scéim Fostaithe Stáit Neamhbhunaithe") d'iarrthóir dá leithéid. Chiallódh sé seo go mbeadh feidhm ag na forálacha laghdaithe ag (c) thuas, agus ina theannta sin bheadh impleachtaí ann maidir le fabhrú pinsin mar atá leagtha amach thíos:

#### **e. Fabhrú Pinsin**

Bheadh teorainn 40 bliain i bhfeidhm maidir leis an tseirbhís iomlán ar féidir a áireamh i leith pinsin i gcás go raibh duine ina bhall de níos mó ná scéim pinsin seirbhíse poiblí amháin. Tháinig an teorainn 40 bliain seo, dá bhforáiltear san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha eile), 2012 i bhfeidhm ar an 28 Iúil 2012. **D'fhéadfadh impleachtaí a bheith aige seo d'aon duine a cheapfar a thuill cearta pinsin i bhfostaíocht seirbhíse poiblí roimhe seo.**

#### **f. Asbhaint a Bhaineann le Pinsean**

Tá an ceapachán seo faoi réir na hasbhainte a bhaineann le pinsin de réir an Achta um Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail 2009. Le haghaidh tuilleadh faisnéise faoi Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí do Sheirbhísigh Phoiblí, féach ar an suíomh Gréasáin seo a leanas: <http://www.per.gov.ie/pensions>

#### **Saoire bhreiteachta**

Féadfar pá iomlán a cheadú nuair a bhíonn duine as láthair de bharr breiteachta ach é sin a bheith deimhnithe i gceart, ar choinníoll nach bhfuil aon fhianaise ann faoi mhíchumas buan maidir le seirbhís, agus is féidir é a cheadú suas go dtí 92 lá ar a mhéad in aon bhliain amháin

agus ar leathphá ina dhiaidh sin, faoi réir 183 lá saoire bhreiteachta ar a mhéad a bheith ann in aon tréimhse ceithre bliana nó níos lú.

Ceanglófar ar an té a cheapfar sainordú a shíniú ag údarú don Roinn Coimirce Sóisialaí aon sochair atá dlite faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh a íoc go díreach le hArd-Mhúsaem na hÉireann agus beidh íocaíocht le linn breiteachta faoi réir ag an oifigeach na héilimh riachtanacha a dhéanamh ar shochar árachais shóisialaigh chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí laistigh de na teorainneacha riachtanacha ama.

#### **Rúndacht oifigiúil agus sláine**

Beidh an té a cheapfar faoi réir fhorálacha an Achta um Rúin Oifigiúla 1963, arna leasú leis an Acht um Shaoráil Faisnéise 1997. Aontóidh an té a cheapfar gan aon fhaisnéis rúnda a nochtadh do thríú páirtithe go háirithe faisnéis a bhfuil acmhainneacht tráchtála ag baint léi, le linn na tréimhse fostaíochta nó ina diaidh.

#### **Réamhcheadú maidir le foilsíú**

Aontóidh an té a cheapfar gan ábhar a bhaineann le dualgais oifigiúla a fhoilsíú gan chead a fháil roimh ré ó Stiúrthóir Ard-Mhúsaem na hÉireann.

#### **Gníomhaíocht pholaitiúil**

Le linn an téarma fostaíochta, beidh an té a cheapfar faoi réir na rialacha a rialaíonn státseirbhísigh agus polaitíocht.

#### **Tuilleadh sonraí**

Tá forálacha mionsonraithe maidir le téarmaí agus coinníollacha éagsúla eile, amhail catagóirí saoire (lena n-áirítear saoire mháithreachais, uchtála agus sláinte agus sábháilteachta), a bhféadfadh cuid acu nó gach ceann díobh a bheith ábhartha don duine a cheapfar, leagtha amach i gciorcláin atá ar fáil ar [www.personnelcode.gov.ie](http://www.personnelcode.gov.ie).

Is mar threoir amháin atá sé seo ceaptha. Eiseofar téarmaí agus coinníollacha iomlána mar chuid den chonradh fostaíochta.